# An Bille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Cearta Vótála i dToghcháin Uachtaráin), 2025

# Forty-first Amendment of the Constitution (Voting Rights in Presidential Elections) Bill 2025

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

[Uimh. 36 de 2025]
[No. 36 of 2025]

**FORTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (VOTING RIGHTS IN PRESIDENTIAL ELECTIONS) BILL 2025**

*As initiated*

CONTENTS

Section

1. Amendment of Article 12 of the Constitution
2. Insertion of Article 12A relating to legislation pursuant to amendment of Article 12
3. Citation

SCHEDULE 1

Part 1

Part 2

SCHEDULE 2

Part 1

Part 2

[No. 36 of 2025]

**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS DAICHEAD AR AN mBUNREACHT (CEARTA VÓTÁLA I dTOGHCHÁIN UACHTARÁIN), 2025**

*Mar a tionscnaíodh*

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. Airteagal 12 den Bhunreacht a leasú
2. Airteagal 12A, a bhaineann le reachtaíocht de bhun an leasaithe ar Airteagal 12, a chur isteach
3. Lua

SCEIDEAL 1

Cuid 1

Cuid 2

SCEIDEAL 2

Cuid 1

Cuid 2


[Uimh. 36 de 2025]

**FORTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (VOTING RIGHTS IN PRESIDENTIAL ELECTIONS) BILL 2025**

# Bill

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed—

(A) to amend Article 12 of the Constitution; and

(B) in consequence of the foregoing, to amend otherwise the Constitution for the purpose of giving effect to the amendment of Article 12:

**Be it therefore enacted by the Oireachtas as follows:**

**Amendment of Article 12 of the Constitution**

**1.** Article 12 of the Constitution is hereby amended as follows:

(a) the subsection, the text of which is set out in *Part 1* of *Schedule 1*, shall be substituted for subsection 2° of section 2 of the Irish text;

(b) the subsection, the text of which is set out in *Part 2* of *Schedule 1*, shall be substituted for subsection 2° of section 2 of the English text.

**Insertion of Article 12A relating to legislation pursuant to amendment of Article 12**

**2.** The Constitution is hereby amended as follows:

(a) the Article, the text of which is set out in *Part 1* of *Schedule 2*, shall be inserted after Article 12 of the Irish text;

(b) the Article, the text of which is set out in *Part 2* of *Schedule 2*, shall be inserted after Article 12 of the English text.

**Citation**

**3.** (1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Forty-first Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Forty-first Amendment of the Constitution (Voting Rights in Presidential Elections) Act 2025.

**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS DAICHEAD AR AN mBUNREACHT (CEARTA VÓTÁLA I dTOGHCHÁIN UACHTARÁIN), 2025**

# Bille

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht a leasú.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe—

(A) Airteagal 12 den Bhunreacht a leasú; agus

(B) de dhroim an mhéid sin roimhe seo, an Bunreacht a leasú thairis sin chun éifeacht a thabhairt don leasú ar Airteagal 12:

**Achtaítear ag an Oireachtas ar an ábhar sin mar a leanas:**

**Airteagal 12 den Bhunreacht a leasú**

**1.** Leasaítear Airteagal 12 den Bhunreacht leis seo mar a leanas:

(a) cuirfear an fo-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* de *Sceideal 1* in ionad fho-alt 2° d’alt 2 den téacs Gaeilge;

(b) cuirfear an fo-alt a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* de *Sceideal 1* in ionad fho-alt 2° d’alt 2 den téacs Sacs-Bhéarla.

**Airteagal 12A, a bhaineann le reachtaíocht de bhun an leasaithe ar Airteagal 12, a chur isteach**

**2.** Leasaítear an Bunreacht leis seo mar a leanas:

(a) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* de *Sceideal 2* isteach i ndiaidh Airteagal 12 den téacs Gaeilge;

(b) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* de *Sceideal 2* isteach i ndiaidh Airteagal 12 den téacs Sacs-Bhéarla.

**Lua**

**3.** (1) An tAonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Cearta Vótála i dToghcháin Uachtaráin), 2025 a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE 1

### Part 1

2° Gach saoránach, gan beann ar a ghnéas nó ar a gnéas—

i ag a bhfuil ceart vótála i dtoghchán do chomhaltaí de Dháil Éireann, nó

ii ag a bhfuil ocht mbliana déag slán agus ar a bhfuil gnáthchónaí lasmuigh den Stát ach in oileán na hÉireann agus nach gcuirtear faoi dhícháilíocht le dlí agus a chomhlíonann coinníollacha an dlí i dtaobh toghchán don Uachtarán,

beidh ceart vótála aige nó aici i dtoghchán don Uachtarán.

### Part 2

2° Every citizen without distinction of sex who—

i has the right to vote at an election for members of Dáil Éireann, or

ii has reached the age of eighteen years and ordinarily resides outside the State but in the island of Ireland and is not disqualified by law and complies with the provisions of the law relating to an election for President,

shall have the right to vote at an election for President.

## SCEIDEAL 1

### Cuid 1

2° Gach saoránach, gan beann ar a ghnéas nó ar a gnéas—

i ag a bhfuil ceart vótála i dtoghchán do chomhaltaí de Dháil Éireann, nó

ii ag a bhfuil ocht mbliana déag slán agus ar a bhfuil gnáthchónaí lasmuigh den Stát ach in oileán na hÉireann agus nach gcuirtear faoi dhícháilíocht le dlí agus a chomhlíonann coinníollacha an dlí i dtaobh toghchán don Uachtarán,

beidh ceart vótála aige nó aici i dtoghchán don Uachtarán.

### Cuid 2

2° Every citizen without distinction of sex who—

i has the right to vote at an election for members of Dáil Éireann, or

ii has reached the age of eighteen years and ordinarily resides outside the State but in the island of Ireland and is not disqualified by law and complies with the provisions of the law relating to an election for President,

shall have the right to vote at an election for President.

## SCHEDULE 2

### Part 1

Airteagal 12A

1. Chomh luath agus is féidir tar éis an tAirteagal seo a achtú, achtófar dlí lena ndéanfar socrú chun ceart vótála i dtoghcháin d'oifig an Uachtaráin a oibriú de réir an leasaithe ar alt 2 d'Airteagal 12 den Bhunreacht seo, arna dhéanamh le *halt 1* den *Acht um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Cearta Vótála i dToghcháin Uachtaráin), 2025*.

2. Déanfar an tAirteagal seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil den Bhunreacht seo a fhoilseofar tar éis an dlí a achtú, arb é an dlí é dá ndéantar tagairt in alt 1 den Airteagal seo agus lena ndéantar socrú chun ceart vótála i dtoghcháin d'oifig an Uachtaráin a oibriú.

### Part 2

Article 12A

1. As soon as practicable after the enactment of this Article, a law providing for the exercise of the right to vote at elections for the office of President in accordance with the amendment of section 2 of Article 12 of this Constitution made by *section 1* of the *Forty-first Amendment of the Constitution (Voting Rights in Presidential Elections) Act 2025* shall be enacted.

2. This Article shall be omitted from every official text of this Constitution published after the enactment of the law, referred to in section 1 of this Article, providing for the exercise of the right to vote at elections for the office of President.

## SCEIDEAL 2

### Cuid 1

AIRTEAGAL 12A

1. Chomh luath agus is féidir tar éis an tAirteagal seo a achtú, achtófar dlí lena ndéanfar socrú chun ceart vótála i dtoghcháin d’oifig an Uachtaráin a oibriú de réir an leasaithe ar alt 2 d’Airteagal 12 den Bhunreacht seo, arna dhéanamh le *halt 1* den *Acht um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Cearta Vótála i dToghcháin Uachtaráin), 2025*.

2. Déanfar an tAirteagal seo a fhágáil ar lár as gach téacs oifigiúil den Bhunreacht seo a fhoilseofar tar éis an dlí a achtú, arb é an dlí é dá ndéantar tagairt in alt 1 den Airteagal seo agus lena ndéantar socrú chun ceart vótála i dtoghcháin d’oifig an Uachtaráin a oibriú.

### Cuid 2

ARTICLE 12A

1. As soon as practicable after the enactment of this Article, a law providing for the exercise of the right to vote at elections for the office of President in accordance with the amendment of section 2 of Article 12 of this Constitution made by *section 1* of the *Forty-first Amendment of the Constitution (Voting Rights in Presidential Elections) Act 2025* shall be enacted.

2. This Article shall be omitted from every official text of this Constitution published after the enactment of the law, referred to in section 1 of this Article, providing for the exercise of the right to vote at elections for the office of President.

Forty-first Amendment of the Constitution (Voting Rights in Presidential Elections) Bill 2025

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

*Introduced by Deputies Peadar Tóibín, Paul Lawless and Michael Collins,*

17*th June,* 2025

An Bille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Cearta Vótála i dToghcháin Uachtaráin), 2025

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht a leasú.

*Na Teachtaí Peadar Tóibín, Pól O'Laighléis agus Micheál Ó Coileáin a thug isteach,*

17 *Meitheamh,* 2025

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

9 781399 340953